


## EOLAS DO THUISMITHEOIRÍ

## EOLAS DO THUISMITHEOIRÍ


→ Tuismitheoirí → Bunscoileanna → Ranganna na Naíonán

### 3: Ag caint mar gheall ar chruthanna agus ar threoracha

Nuair a bhímid ag caint ar chruthanna luaimid **imill, cúinní, taobhanna díreacha, taobhanna cuartha, cruthanna cruinne agus cruthanna réidhe**. Féach ar bhoscaí i do chófra féin – cé na cruthanna atá orthu? Cad iad na cruthanna a fheiceann tú timpeall an tí? Amuigh ar an tsráid?




An mbíonn tú ag fiafraí den pháiste riamh? *Cá bhfuil tú? nó Cár chuir tú do bhosca lóin?* Cuid thábhachtach den mhata is ea **treoracha**. Seo thíos roinnt samplaí de na focail a úsáideann páistí agus iad ag caint ar threoracha.



Is féidir teidí, a chur i bhfolach agus iarr ar do pháiste é a aimsiú le treoracha uaitse. Ansin iarr ar do pháiste treoracha a thabhairt duitse ionas gur féidir leatsa Teidí a aimsiú.

Bíonn mataí súgartha ag paistí áirithe dá mbréagáin – iarr ar do pháiste a insint duit conas dul ón stáisiún dóiteáin go dtí an scoil. Lig ort nach dtuigeann tú na treoracha muna mbíonn siad lánchruinn, mar shampla, *cas ar chlé ar dtús, ansin siúl feadh na sráide agus cas ar dheis...*



Tuilleadh eolais agus gearrthóga fise ar fáil ag [www.ncca.ie/tuismitheoiri](http://www.ncca.ie/tuismitheoiri).

### Ag cabhrú le do pháiste leis an matamaitic agus í/é sna NAÍONÁIN SHINSEARACHA

Ar thug tú faoi deara riamh a mhéad focal matamaiticiúil a úsáideann do pháiste sa ghnáthchaint?



Tá an mhatamaitic inár dtimpeall agus is cuid de shaol do pháiste é gach aon lá. Is féidir leat cabhrú léi/leis tuiscint a fháil ar an mata agus taitneamh a bhaint as trí chluichí simplí a imirt agus aird a thabhairt ar rudaí beaga laethúla.

#### Eolas faoin leidbhileog seo

Tá trí chuid sa leidbhileog seo.

- 1: Déantar cur síos i **do pháiste ag foghlaim ar scoil** ar chuid den mhata a fhoghlaim do pháiste sna naíonáin shinsearacha.
- 2: Gheofar i **do pháiste ag foghlaim sa bhaile** bealaí simplí chun cabhrú le do pháiste mata a fhoghlaim. Is féidir féachaint ar ghearrthóga fise ina dtugtar leideanna eile ag [www.ncca.ie/tuismitheoiri](http://www.ncca.ie/tuismitheoiri).
- 3: Tabharfaidh **ag caint mar gheall ar chruthanna agus ar threoracha** samplaí duit de na cineálacha focail a d'fhéadfá a úsáid agus tú ag cabhrú le do pháiste mata a fhoghlaim.



Gheobhaidh tú smaointe eile sna leidbhileoga agus sna gearrthóga fise na naíonán sóisearach agus rang a haon.

## EOLAS DO THUISMITHEOIRÍ


### 1: Do pháiste ag foghlaim ar scoil

Seo cuid de na rudaí a fhoghlaim do pháiste sa mhata sna naíonáin shinsearach.

- Na huimhreacha 0 go 10 a **aithint** agus iad scríofa.
- Na huimhreacha 0 – 10 a rá san ord ceart. A nialas nó a náid a rá le haghaidh 0.
- Na huimhreacha 0 – 10 a **scríobh**.
- Líon na rudaí a **chomhaireamh** agus iad a **chomhaireamh arís** tar éis cuid díobh a bheith bainte.
- **Dhá ghrúpa rudaí a chur le chéile**, suas le 10 rud.
- Tosú ar na **siombailí +** agus = a úsáid chun grúpaí rudaí a chur le chéile agus abairt uimhriúil a scríobh,  $4 + 2 = 6$ , cuir i gcás.
- An méid rudaí i ngrúpa a **mheas (a thomhas)**.

Seo rudaí eile a fhoghlaim do pháiste:

- conas **patrúin shimplí uimhriúla** a aithint, m.sh. 3, 4, 5, 6; 5, 6, 7, 8; 2, 3, 4, 5, 6, 7, 8, 9, 10; **dhá** bhuille, **trí** bhuille, **dhá** bhuille, **trí** bhuille...
- **cruthanna 3-T a shórtáil, (cruthanna nach bhfuil comhréidh) a thuairisciú agus a ainmniú**, ciúb, ciúbóideach, sféar agus sorcóir, cuir i gcás.



- **rudaí a chur i gcomparáid** leis na focail seo: trom agus éadrom; is troime agus is éadroime; fada agus gearr; is faide agus is giorra.
- **amanna a bheadh ar eolas go maith a aithint** agus an uair a aithint ar an gclog: 2 a chlog, 3 a chlog, mar shampla. Cuir imeachtaí laethúla/seachtainiúla in ord.

- **boinn** suas go 20 cent a **aithint** agus úsáid a bhaint as boinn suas go 10 cent.



## EOLAS DO THUISMITHEOIRÍ

### 2: Do pháiste ag foghlaim sa bhaile

Spreag do pháiste chun rudaí a **chomhaireamh go cúramach** go háirithe suas go 20. Bain triail as comhaireamh mh i ndóanna, mar shampla 2, 4, 6, 8...

An méid rudaí i ngrúpa suas go 5 rud a **mheas**. Cuir líon beag rudaí ar bhord suas go 5 cinn, agus iarr ar do pháiste a rá leat cé mhéad díobh atá ann, gan iad a chomhaireamh. Taispeáin aghaidh amháin de dhísle go tapa agus iarr ar an bpáiste: *Cé mhéad spota a fheiceann tú?*

**Comhair cé mhéad atá fágtha** tar éis roinnt rudaí a bhaint. *Tá 8 bhfíonchaor agam ach cé mhéad a bheidh agam má ithim 2 cheann díobh?*

**Amanna coitianta a aithint**  
Labhair mar gheall ar na hamanna agus ar an gclog. Cuir amanna suas ar dhoras an chuisneora nó ar chlár fógraí, mar shampla 'Peil 3.00 Dé Máirt, Traenáil 9.00 Dé Sathairn'. Labhair mar gheall ar rudaí a dhéanaimid sa Samhradh, sa Gheimhreadh, i gcaitheamh an lae, istoíche.

Déan **toráiocht uimhreacha**  
Féach ar an oigheann micreathoinn, ar an teileafón, ar an gcianrialtán. Déan toráiocht uimhreacha agus sibh amuigh ag siúl.

**Boinn** suas go 20 cent a **aithint** agus úsáid a bhaint as boinn suas go 10 cent. Lig don pháiste airgead a láimhsiú agus briseadh nó sóinseáil a oibriú amach. Labhair faoi luach bonn agus sibh ag siopadóireacht: *Cén bonn a úsáidimid chun díol as an mílseán? Cén fáth nach leor an ceann seo? An dtabharfá boinn eile dom ar an mbonn 20 cent seo?*

Imir **cluichí cláir** le díslé, chun comhaireamh, suimiú agus aithint uimhreacha a chleachtadh.

**Dhá ghrúpa rudaí a chur le chéile chun 10 rud a fháil**  
Agus sibh ag imirt le bréagáin, déanaigí grúpaí de rudaí agus ansin iarr ar an bpáiste iad a chur le chéile chun an t-iomlán a fháil. Spreag do pháiste le bheith 'ag comhaireamh ar aghaidh', ciallú sin ag leanúint leis an gcomhaireamh. *Tá 6 charr agam agus seo 4 cinn eile - 6... 7, 8, 9, 10.*

**Rudaí a chur i gcomparáid de réir faid**  
Iarr ar do pháiste cabhrú leat an níochán a shórtáil: *Aimsigh an briste fada. An bhfeiceann tú aon bhriste níos giorra? Cé acu briste is giorra? Déan túr as bloic nó as boscaí: An bhféadfá túr níos airde a dhéanamh? Túr níos ísle?*